

Cad is Mí-Úsáid ann?

Is éard is mí-úsáid ann ná nuair a ghoilleann duine ort, nuair a chuireann siad eagla ort nó nuair a chaitheann siad go holc leat. Tá go leor saghsanna mí-úsáide ann. Is féidir le duine ar bith a bheith thíos le mí-úsáid, ag aon am, in aon áit. D'fhéadfadh mí-úsáid brón, eagla, fearg, buairt nó strus a chur ort.

Know Your Rights



Ceann de na cearta is tábhachtaí atá agat ná an Ceart a Mhothú go bhfuil tú Sábháilte. Ba cheart go mbeadh caighdeán maith beatha agat nuair a mhothaíonn tú sábháilte.

Mura mothaíonn tú sábháilte, amanna, b'fhéidir go bhfuil mí-úsáid á déanamh ort. Tá cearta ag gach duine atá á gcosaint ag ár ndlí.

Is féidir leat glaoch a chur ar HSELive le labhairt le duine dár ngníomhairí ar: Saorghlao: 1800 700 700 nó 00 353 1 240 8787 (ó áiteanna lasmuigh d'Éirinn)

Suíomh gréasáin:
www.hse.ie/safeguarding




AN BHFUIL TÚ BUARHTHA FAOI DO SHÁBHÁILTEACHT?

Bileog Eolais

An Fhoireann Slánchumhdaithe agus Cosanta Aosach

Cén saghsanna mí-úsáide atá ann?


Mí-úsáid fhisiciúil – nuair a ghortaíonn duine do chorp. Mar shampla, má dhéantar thú a bhrú, sonc, cic nó buille boise a thabhairt duit.



Mí-úsáid airgeadais – nuair a thógann duine ar bith d'airgead nó do ghiurléidí agus gan é sin a bheith á iarraidh agat. D'fhéadfadh brú a chur ort cuid de do ghiurléidí nó d'airgead a thabhairt do dhuine eile a bheith i gceist leis freisin.



Mí-úsáid institiúide – nuair a chaitear go dona leat san áit a gcónaíonn tú. Mar shampla; nuair a deirtear leat cén t-am is gá duit dul i do chodladh, nuair nach gceadaítear duit rudaí a dhéanamh a thaitníonn leat, nó nuair a chuirtear iallach ort gan rudaí áirithe a ithe agus a ól.



Mí-úsáid ghnéasach – saghas ar bith de theagmháil ghnéasach nár aontaigh tú léi. D'fhéadfadh lámh á leagan ag duine ort agus iarraidh ort é a choimeád faoi rún a bheith i gceist leis.



Mí-úsáid shíceolaíoch – nuair a labhraíonn duine go dona leat. D'fhéadfadh bagairt ort nó eagla a bheith ort roimh dhuine a bheith i gceist leis.



Mí-úsáid idirdhealaitheach – nuair a chaitheann duine go dona leat toisc go bhfuil rud éigin a bhaineann leat difriúil. D'fhéadfadh d'aois, d'inscne, do chine, do mhíchumas, do chreideamh, do ghnéasacht, do chuma nó do chultúr a bheith mar chúis leis.



Faillí – gan dóthain bia, éadaí nó teasa a bheith agat. B'fhéidir go gcuirfí stop leat oideachas nó oiliúint a fháil.



Cad a dhéanfaidh mé má tá mé buartha faoi mhí-úsáid atá á déanamh orm nó ar dhuine eile?

Labhair le duine muinteartha, ball foirne, dochtúir nó le haltra san fhoireann slánchumhdaithe.

Cad é an beartas náisiúnta maidir le slánchumhdach?

Seo an bealach a oibríonn an fhoireann agus na seirbhísí go léir sa tír le chéile le daoine leochaileacha a choimeád sábháilte ó mhí-úsáid.

Cad í an Fhoireann Slánchumhdaithe agus Cosanta Aosach?

Is foireann oibrithe sóisialta sinn a oibríonn le seirbhísí, le teaghlach agus le heagraíochtaí pobail le stop a chur le mí-úsáid agus le hiarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil tú sábháilte.

D'Fhoireann Slánchumhdaithe áitiúil:

Saorghlao: 1800 700 700
Guthán: 01 240 8787

nó déan scanadh ar:

